



Troscán Scaoilte Seomra Ranga Ghinearálta agus Riachtanas Speisialta Oideachais

Socrú Lárnach Samhain 2023

A Phríomhoide Scoile, a chara,

Ag teacht sna sála ar chomórtas soláthair phoiblí a chur i gcrích go rathúil, chuir an Roinn Oideachais, i dteannta an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna (SPU), Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), socrú lárnacha atá bunaithe ar limistéir gheografacha a chur i bhfeidhm le haghaidh **Troscán Scaoilte Seomra Ranga Ghinearálta agus Riachtanas Speisialta Oideachais**, áit a bhféadfaidh:

- Scoileanna, lena n-áirítear bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta;
- Boird Oideachais agus Oiliúna, scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna agus ionaid bhreisoideachais agus oiliúna, chomh maith le Boird Oideachais agus Oiliúna atá ag gníomhú thar ceann scoileanna. **(Ní mór do scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna a riachtanais troscáin a sheoladh trí Cheannoifig a mBoird Oideachais agus Oiliúna agus tríthi sin amháin);**
- Institiúidí Oideachais Tríú Leibhéal (lena n-áirítear Ollscoileanna, Ollscoileanna Teicniúla, Institiúidí Teicneolaíochta agus Comhlachtaí Earnála Poiblí a bhfreastalaíonn an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais orthu).

A dTroscán Scaoilte Seomra Ranga Ghinearálta agus Riachtanas Speisialta Oideachais a íostarraingt.

Comhlíonann an Troscán ar fad a chumhdaítear leis an socrúithe lárnacha (féach Aguisín 1) caighdeáin agus sonraíochtaí Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne Oideachais.

Táthar ag súil, maidir leis na comhlachtaí oideachais uile atá liostaithe thuas, go n-úsáidfidh siad na socrúithe lárnacha (faoi Chiorclán 16/2013) má bhíonn acu riachtanas troscáin a chumhdaítear faoi raon feidhme na socrúithe lárnacha seo (féach Aguisín 1).

Conas íostarraingt ón Socrú Lárnach/ó na Socrúithe Lárnacha:



a) I gcás go mbeidh riachtanas troscáin faoi bhun €100,000 ag comhlacht oideachais idir an 1 Samhain 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2027:

- 1) Cóipeáil an fhoirm gníomhachtaithe iomchuí (Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú) (in Aguisín 2) isteach i gceann litreach d'eagraíochta agus comhlánaigh í;
- 2) Seol í chuig na Comhaltaí iomchuí den Chreat, atá mar a leanas
 - a. Má tá do scoil, d'ollscoil, etc., i gConnachta, in Ulaidh nó i Co. mBaile Átha Cliath:

G Morgan and Sons le ríomhphost: info@gmf.ie fón: 041 9838068
 - b. Má tá do scoil, d'ollscoil, etc., i Laighin (gan Co. Baile Átha Cliath a áireamh) nó ar an Mumhain:

P Walsh and Sons le ríomhphost: info@pwalshandsons.com fón: 056 7767622
- 3) A luaithe a bheidh an fhoirm gníomhachtaithe chomhlánaithe faighte ag an gComhalta den Chreat agus a bheidh sí glactha aige, seolfaidh sé pacáiste faisnéise agus an fhoirm ordaithe chugat;
- 4) Roghnaigh do riachtanais troscáin go cúramach, agus méideanna seomra agus méideanna ranga á gcur san áireamh agat, déan an fhoirm ordaithe a chomhlánú agus a shíniú agus seol ar ais í chuig an gComhalta iomchuí den Chreat;
- 5) Déanfaidh an Comhalta den Chreat teagmháil leat chun na mionsonraí a dheimhniú agus chun an seachadadh a chomhaontú.

Tabhair faoi deara nár cheart an fhoirm gníomhachtaithe a chomhlánú agus a sheoladh ach uair amháin thar théarma an tsocraithe lárnaigh.

b) I gcás go mbeidh riachtanas os cionn €100,000 ag comhlacht oideachais idir an 1 Samhain 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2027:

- 1) Ní mór mionchomórtas a sheoladh ar eTenders. Chun an mionchomórtas a thionscnamh -



- Bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, agus scoileanna speisialta → déan teagmháil leis An tAonad um Sholáthar do Scoileanna (SPU) ar 01 203 5899 nó le ríomhphost: procurementsupport@spu.ie
- Boird Oideachais agus Oiliúna (ETB), scoileanna ETB agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna (FET) → dean teagmháil leis an Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann ar 086 382 8705 nó le ríomhphost: karl.fitzmaurice@etbi.ie

Ní fhéadfar troscán nach bhfuil liostaithe in Aguisín 1 a fháil faoi na socruithe lárnacha.

Is féidir leis na heagraíochtaí atá leagtha amach thuas tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir leis na socruithe lárnacha freisin.

A handwritten signature in blue ink that reads "Colm Ó Cléirigh".

Colm Ó Cléirigh

Bainisteoir Soláthair agus Gnó

An Rannán Oibríochtaí Móra